Paróiste an Chnoic
Séipéal N. Ainnín & Séipéal N. Cholmcille
Teileafón: 091.593122 Fón póca: 087.9983172
**R.phost:** seip.n.ainnin@gmail.com **seip.n.colmcille@gmail.com**
**Aifreann ar an idirlíon ag http://www.mcn.live**
**Ar an raidió go háitiúil ar 105.5fm**

## AN tAONÚ DOMHNACH DÉAG IS FICHE SAOR 3ú SAMHAIN 2024

***'Mo ghrá thú, a Thiarna, mo neart thú.'***




### Aifrinn - Séipéal Naomh Ainnín, an Chnoc

**Dé Sathairn:** **2ú Samhain - 7.30i.n.**
**Aifreann Nóibheine na Marbh**
**Bridie Hynes (née Curran), (Aif. Cinn Mhíosa),** Castlegar/Carna/Saile Thúna.
**Mary Pháidín Sheáin Uí Choisdealbha,** Baile na mBrabhach.
**Teresa Flannery,** Cornarón **& Jackie Tunney.**

**Déardaoin:** **7ú Samhain - 10.00r.n.**
**Aifreann Nóibheine na marbh.**
**Padraic Ó Neachtain,** An Cnoc.

**Dé Sathairn:** **9ú Samhain - 7.30i.n.**
**Aifreann Nóibheine na Marbh**
**Maureen Finnegan (Aif. Cinn Mhíosa),** Coill Rua Thiar.

### Aifrinn - Séipéal Naomh Cholmcille, an Tulach

**Dé Sathairn:** **2ú Samhain - 6.00i.n.**
**Aifreann Nóibheine na marbh**
**Darach Mac an Ultaigh, a bhean Kate & a n-ínion Mary,** Baile na hAbhann.

**Dé Sathairn:** **9ú Samhain - 6.00i.n.**
**An Pobal**
**Aifreann Nóibheine na Marbh**

## Briathar Dé

**An Chéad Léacht** *Sliocht as Leabhar Deotranaimí -- 6:2-6*
Dúirt Maois leis an bpobal: "Má bhíonn eagla an Tiarna do Dhia ort chuile lá de do shaol agus má choinníonn tú na dlíthe agus na nósanna go léir a leagaim amach, beidh fad saoil agat, agat féin agus ag do mhac agus ag mac do mhic. "Éist mar sin, a Isráél, agus bí cinnte go gcuirfidh tú i ngníomh na nithe a chuirfidh séan agus rath torthúil ort faoi mar a gheall an Tiarna Dia do shinsear duit i dtír a mbeidh bainne agus mil go fairsing inti."
**Briathar an Tiarna.** **Freagra:** *Buíochas le Dia*

**Salm le Freagra:** **Freagra:** *Mo ghrá thú, a Thiarna, mo neart thú.*

1. Mo ghrá thú, a Thiarna,
   mo neart thú,
   mo charraig thú,
   mo dhaingean is mo shlánaitheoir. ***Fr***

2. Mo Dhia thú, mo charraig is mo dhídean;
   mo sciath, adharc mo shlánaithe, mo dhún.
   Glaoim ar an Tiarna dar dual moladh,
   is déantar mé a shaoradh ar mo naimhde. ***Fr***

3. Go maire an Tiarna! sé mo charraig é!
   Go moltar an Dia a shlánaíonn mé.
   'Sé a thug an bua dá rí,
   agus a nocht a ghrá dá Ungthach. ***Fr***

**An Dara Léacht** *Sliocht as an Litir chuig na hEabhraigh -- 7:23-28*
A chairde, níorbh fholáir go leor de na sagairt eile sin a bheith ann mar go raibh siad tiocaireach don bhás. Ach is sagartacht shíoraí atá ag Íosa de bhrí go bhfuil sé ann go deo. Mar sin, is féidir le hÍosa na daoine a thagann chuig Dia tríd a shlánú go hiomlán de bhrí go maireann sé go deo le hidirghuibhe

a dhéanamh ar a son. A leithéid sin de shagart a bhí feiliúnach dúinn: sagart naofa, neamhurchóideach, sagart nach ndearna agus nach ndéanfadh peaca agus a bhí tógtha suas os cionn na bhflaitheas; sagart nár ghá dó mar ba ghá do na sagairt eile úd, íobairt a ofráil go laethúil in éiric a pheacaí féin ar dtús agus ansin in éiric pheacaí an phobail. Níor ofráil seisean íobairt ach aon uair amháin ariamh, agus rinne sé é sin nuair a d'ofráil sé é féin suas. Rinne an Dlí ardsagairt de dhaoine a raibh laige eicínt iontu. Ach an gealltanas a neartaíodh le mionn a thug Dia i bfhad níos deireanaí ná an Dlí, rinne sé sin ardsagart den Mhac a bhfuil buaic na foirfeachta bainte amach aige go deo.
**Briathar an Tiarna.** **Freagra:** *Buíochas le Dia*

**Alleluia**, alleluia! Athair ár dTiarna Íosa Críost, go n-osclaí sé súile ár n-aigne sa gcaoi go dtuigfidh muid an t-ábhar dóchais dúinn ár ngairm ag Dia. Alleluia!

**An Soiscéal** *Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Marcas -- 12:28-34*
San am sin, tháinig duine de na scríobhaithe chuig Íosa agus chuir sé ceist air: "Céard í an chéad aithne de na haitheanta go léir?" D'fhreagair Íosa: "Seo í an chéad cheann: "Éist, a Isráél, níl ann ach ár dTiarna Dia, agus gráóidh tú do Thiarna Dia ó do chroí go hiomlán, ó d'anam go hiomlán, ó d'aigne go hiomlán agus ó do neart go hiomlán." Seo í an dara ceann: "Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin." Níl aithne eile is mó ná iad sin." Dúirt an scríobhaí leis: "Maith mar a labhair tú, a Mháistir. Dúirt tú le fírinne gur aon é agus nach bhfuil éinne eile ann ach é. É a ghráú ón gcroí go hiomlán, ón tuiscint go hiomlán, agus ón neart go hiomlán agus do chomharsa mar thú féin, is fiú go mór é sin ná na híobairtí dóite agus na hofrálacha go léir." Nuair a chonaic Íosa gur labhair sé go ciallmhar, dúirt sé leis: "Níl tú i bhfad ó ríocht Dé." Ní raibh sé de mhisneach ag aon duine eile ceist a chur air as sin amach.
**Soiscéal an Tiarna.** **Freagra:** *Moladh leis an Tiarna Íosa Críost*

**S.** ***Rúndiamhair an chreidimh***

**P.** A Shlanaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.

***<u>Scrioptúir Dé Domhnaigh seo chugainn</u>***

*Céad Leabhar na Ríthe -- 17:10-16  Salm 145*

*Litir chuig na hEabhraigh -- 9:24-28*

*N. Marcas -- 12:38-44*

***'Mol an Tiarna, a anam liom.'***

**<u>Fógraí</u>**

**<u>Scéim Aisíoc Cánach</u>** Chuireamar meabhrúcháin le déanaí maidir leis an **Scéim Aisíoc Cánach faoi Acht na gCarthannachtaí agus <u>Foirmeacha CHY3</u>.** Tá muid thar a bheith buíoch dóibh siúd a chuir na foirmeacha ar ais. Le bhur dtoil, cuir ar ais an fhoirm CHY3 más íocóir cánach tú féin nó duine ar bith sa gclann. Cuir in iúl dúinn mura bhfuil tú féin nó aon duine sa gclann incháilithe don scéim seo agus beidh muid in ann d'ainm a bhaint don liosta. Glaoigh ar 091-593122 nó seol an fhoirm ar ais sa clúdach iniata. Míle buíochas.

**Nóibheine na Marbh ón 1ú Samhain - 9ú Samhain**. Má tá duine ar bith gur mhaith leo páirt a ghlacadh i Nóibheine na Marbh in éineacht leis an tAth. Hughie beidh Aifrinn á leamh aige ar na laethanta thíos:

1ú 11.30r.n S. Leitir Mealláin 6.00in S.N. Cholmcille 7.30in S.MhicDara.
2ú 6.00i.n Séipéal N. Cholmcille 7.30i.n Séipéal N.Ainnín www.mcn.live
3ú 10.00r.n Séipéal Mhic Dara www.mcn.live 11.30r.n Séipéal Leitir Mealláin
5ú 7.30i.n.Seipéal Mhic Dara  www.mcn.live
6ú 10.00r.n Séipéal Thír an Fhia
7ú 10.00r.n.Seipéal Naomh Ainnín www.mcn.live
8ú 7.30i.n. Séipéal Mhic Dara  www.mcn.live
9ú 6.00i.n.Séipéal N. Cholmcille 7.30i.n. Séipéal Naomh Ainnín www.mcn.live
10ú 10.00r.n Séipéal Mhic Dara  www.mcn.live 11.30r.n.Séipéal Thír an Fhia

**Tá Comharchumann Shailearna Teo., ag** lorg iarratais do phost lánaimseartha nó do dhá phost páirtaimseartha mar Oibrí Cistine i Mol Caife Sailearna. ("Coffee Hub")
Ní mór d'iarrthóirí taithí cócaireachta/lónadóireachta a bheith acu.
Ní mór cáilíocht i gcúrsa Sábháilteacht Bia & Sláinteachas (HACCP) a bheith ag an iarrthóir nó a bheith sásta an cháilíocht a bhaint amach. Beidh deis meantóireacht san earnáil ullmhú bia a chur ar fáil más gá don té a cheapfar sa bpost. Tá líofacht Gaeilge riachtanach don phost seo. Tugtar tuilleadh eolais ar shonraí an phoist trí ríomhphost a sheoladh chuig;  nó glaoch ar 091 399199. Ba cheart litir iarratais chomh maith le CV a sheoladh roimh an 4.00i.n. Dé hAoine 8 Samhain, 2024 chuig; An Bainisteoir, Comharchumann Shailearna Teo,_Na hAille,_Indreabhán,_Co na Gaillimhe  Is fostóir comhionannais deiseanna é Comharchumann Shailearna Teo. Tá maoiniú foirne ceadaithe tríd an gClár Seirbhís Pobal don phost seo.

**Tá cuireadh seolta ag muintir gach duine a d'imigh uainn ar Shlí na bhFírinne le bliain anuas chuig Aifreann Speisialta i <u>Séipéal Naomh Ainnín</u> ar an Aoine 15ú Samhain @ 7.30 i.n. Má tá duine ar bith gur mhaith leo Léacht nó Guí an Phobal a léamh, glaoigh ar 091 593122.**

**Duine Idirchaidrimh an Pharóiste atá ainmnithe ag an Deoise:**

***Caitríona Uí Bhéarra 087.2118838***